# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2014

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Ardleibhéal

## Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# TREORACHA GINEARÁLTA

**1.** Le linn na marcála ní mór chloí go dlúth leis an scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

**2.** Ní mór don Scrúdaitheoir an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

**3**. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

**4**. Ní ceart don Scrúdaitheoir aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

**5**. Dírítear aird an Scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar leathanach 9 agus ar leathanach 10 den cháipéis seo, maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta ceadaithe dóibh.

.

**PÁIPÉAR 1**
(150 marc)

| **ROINN I** | **AN TRIAIL CHLUASTUISCEANA** | **40 MARC** |
|---|---|---|

- Ní mór na freagraí ar fad a scríobh as Gaeilge ach **amháin** sna cásanna nach bhfuil gá leis.
- Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal / na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra

**Cuid A (16 marc)**

Ocht mír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

**2 mharc x 8 = 16 mharc.**

**Cuid B (12 marc)**

Sé mhír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

**2 mharc x 6 = 12 mharc.**

**Cuid C (12 mharc)**

Sé mhír eolais, dhá mharc an ceann.

**2 mharc x 6 = 12 mharc.**

| **ROINN II** | **LÉAMHTHUISCINT** | **40 MARC** |
|---|---|---|

**Ceist 1** (40 marc)

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

A. (20 marc)

Tá cúig cheist, (**i**) – (**v**), le freagairt.

Tá **dhá** fhocheist, (**a**) agus (**b**), le freagairt i gcás ceisteanna (**i**), (**ii**) agus (**iii**): [(**a**) 2 + (**b**) 2 = **4 mharc**].

Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceisteanna (**iv**) agus (**v**): [2+2 = **4 mharc**].

[**4 mharc x 5**] = **<u>20 marc</u>**

**B.** (20 marc)

Tá **cúig** cheist, (**i**) – (**v**), le freagairt.

Tá **dhá** fhocheist, (**a**) agus (**b**), le freagairt i gcás ceisteanna (**i**) agus (**iii**): [(**a**) 2+(**b**) 2 = 2+ 2 = **4 mharc**].

Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceiste (**ii**): [2+2 = **4 mharc**].

Tá freagra ceart **amháin** ar cheist (**iv**) = **4 mharc**.

Tá freagra **ceart amháin** ar cheist (**v**) = **4 mharc**.

[**4 mharc x 5**] = **<u>20 marc</u>**

| ROINN III | TRIALACHA TEANGA COMHTHÉACSÚLA | 20 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 2** (20 marc)

Freagair A ***agus*** B anseo.

**A.** (10 marc)

Tá **cúig** mhír eolais á lorg anseo.
Ná cuirtear an chéad abairt san áireamh.
Bronntar **dhá** mharc ar gach mír eolais atá ceart.
.

[**2 mharc x 5**] = **<u>10 marc</u>**

**B.** (10 marc)

Tá **cúig** mhír eolais á lorg anseo.
Ná cuirtear an chéad abairt san áireamh.
Bronntar **dhá mharc** ar gach mír eolais atá ceart.

[**2 mharc x 5**] = **<u>10 marc</u>**

**<u>A+ B. = 20 marc</u>**

| ROINN IV | CEAPADÓIREACHT | 50 MARC |
|---|---|---|
| Bheifí ag súil sa mharcáil anseo le coibhneas áirithe idir na marcanna d'ionramháil an ábhair agus na marcanna don chumas Gaeilge. | | |

**Ceist 3. (50 marc)**

Ní gá níos mó ná **leathanach go leith** a scríobh.

**Stíl:** = **2 mharc**

**Ábhar**: = **8 marc**

**Gaeilge**: = **<u>40 marc</u>**
**<u>50 marc</u>**

**Iomlán: 2 +8+ 40 = 50 marc**.

An dáileadh céanna marcanna atá i gceist i ngach rogha in **A, B** agus **C.**

**PÁIPÉAR II**
(90 marc)

| ROINN I | PRÓS LITEARTHA | 30 MARC |
| --- | --- | --- |

**Ceist 1. (15 mharc)**

Tá **trí** cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscint**: 4 mharc (2 + 2) x 3 = 12.

**A. (Buntuiscint)**: (**i**) = (a) 2 + (b) 2 = **4 mharc**

(**ii**) = 2 + 2 = **4 mharc**

(**iii**) = marc as **4 mharc**

**B. (Léirthuiscint)**: (**i**) ***Tréith amháin+léiriú* =** [2 + 2 ] = **4 mharc**

(**ii**) ***Tréith amháin* +***Pointe amháin* **=** [2 + 2] = **4 mharc**

(**iii**) Marc as **4 mharc**

- **Gaeilge**: 3 mharc (+3 /+2 /+1)

**Iomlán = (4 x 3) + Gaeilge: 3 = 15 mharc**.

**Ceist 2. (15 mharc)**

**A. (i)** *agus* **B. (i)**

**Teideal an tsaothair** = 1 mharc
**Ainm an údair** = <u>1 mharc</u>
**2 mharc**

**A. (ii)** *agus* **B. (ii)** **Ábhar**: 5 mharc;
**Gaeilge**: <u>8 marc</u>
13 mharc

**A *nó* B = 1+1+5+8 = <u>15 mharc</u>**

| ROINN II | FILÍOCHT | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 3. (15 mharc)**

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscint**: 4 mharc (4 x 3) = **12 mharc**
- **Gaeilge**: 3 mharc ( +3 / +2 / +1)

**A. (Buntuiscint)**: **(i)** (**a**) + (**b**) = 2+2 = **4 mharc**
**(ii)** (**a**) + (**b**) = 2+2 = **4 mharc**
**(iii)** = marc as **4 mharc**

**B. (Léirthuiscint)**:
**(i)** 2+2 = **4 mharc**
**(ii)** 2+2 = **4 mharc**
**(iii)** 2+2 **= 4 mharc**

**Iomlán = (4x3) + 3 = 15 mharc**

**Ceist 4. (15 mharc)**

**A (i)** *agus* **B (i)**

**Teideal an dáin** = 1 mharc
**Ainm an fhile** = 1 mharc
**2 mharc**

**A (ii)** *agus* **B (ii)**

- **Ábhar**: 5 mharc
- **Gaeilge**: 8 marc

**A** *nó* **B** : **1 + 1 + 5 + 8 = 15 mharc.**

| ROINN IV | LITIR A SCRÍOBH | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 5**

Tá **A, B** agus **C** ar cómharc

- **Foirmlí**: 3 mharc
- **Ábhar**: 10 marc
- **Gaeilge**: 17 marc

**13 + 17 = <u>30 marc</u>**

**Treoracha maidir le dáileadh marcanna:**

**1.** **Na Foirmlí Ceiliúrtha:**

| | |
|---|---|
| **Seoladh:** | = 1 mharc |
| **Beannú:** | = 1 mharc |
| **Críoch:** | = 1 mharc |

**2.** Tabhair faoi deara go bhfuil cúig thasc le comhlíonadh i ngach cás. Léigh an litir ó thús deireadh <u>agus breac síos P1, P2, P3, P4, P5 ar an litir féin</u> ag freagairt do na tascanna éagsúla atá le comhlíonadh. Is mar seo a dhéantar an mharcáil ansin:

**3.**

| | **Eolas** | **Gaeilge** |
|---|---|---|
| **Na cúig thasc comhlíonta** | Marc **as** 10 | Marc **as** 17 |
| **Ceithre thasc comhlíonta** | Marc **as** 8 | Marc <u>a</u>**s** 14 |
| **Trí thasc comhlíonta** | Marc **as** 6 | Marc **as** 11 |
| **Dhá thasc comhlíonta** | Marc **as** 4 | Marc **as** 8 |
| **Tasc amháin comhlíonta** | Marc **as** 2 | Marc **as** 5 |

**4.** Litreacha neamhfhoirmeálata is ea **A** agus **B**. [Beannú; Críoch]

Litir fhoirmeálta is ea **C**. [Beannú; Críoch]

## OIRIÚNTAS RÉASÚNTA

Tá roinnt leasuithe ar an scéim mharcála le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, igcás na marcála, faofa ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh. Iarrtar ort na hiarrthóirí seo a mharcáil sa ghnáth shlí, de réir na scéime marcála, agus na leasuithe seo a leanas a chur i bhfeidhm ansin. Ní mór na leasuithe a thaispeáint ar fhreagarleabhair na n-iarrthóirí. Baineann an t-oiriúntas seo le litriú agus le cruinneas gramadaí sna ceisteanna a bhfuil marcanna ar leith ag dul do na nithe sin.

### PÁIPÉAR 1 (S.7)

| ROINN III | TRIALACHA TEANGA COMHTHÉACSÚLA | 20 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 2 (20 marc)**

**Treoir**: Glactar leis an bhfreagra chomh fada agus atá comhréir na habairte agus an fhoghraíocht i gceart.

| ROINN IV | CEAPADÓIREACHT | 50 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 3 (50 marc)**

**Stíl:** 2 mharc**,** **Ábhar**: 8 marc. **Gaeilg**e: 40 marc. 8+2 + 40 = 50 marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

10 – 14: + **1.** 15 – 24: + **2.** 25 – 34: + **3**.

35 – 36: + **4**. 37, 38, 39 > **40**.

### PÁIPÉAR II (S.8)

| ROINN I | PRÓS LITEARTHA | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 1.**

Trí cheist: **Tuiscint**: 4 mharc.
**Gaeilge**: 1 mharc.

**Treoir**: Tugtar an marc don Ghaeilge d’aon iarrthóir a ghnóthaigh marc ar Thuiscint.

**Ceist 2.**

**Gaeilg**e: 8 marc.

**Treoir:** An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

2 – 4: + **1**. 5 – 6: + **2**. 7 > **8**.

| ROINN II | FILÍOCHT | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 3.**

Trí cheist: **Tuiscint**: 4 mharc.
**Gaeilge**: 1 mharc.

**Treoir**: Tugtar an marc don Ghaeilge d'aon iarrthóir a ghnóthaigh marc ar Thuiscint.

**Ceist 4.**

**Gaeilge**: 8 marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

2 – 4: + **1**. 5 – 6: + **2**. 7 > **8**.

| ROINN III | LITIR A SCRÍOBH | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 5.**

**Gaeilge:** 17 marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

4 – 7: + **1**. 8 **–** 11: + **2.** 12 **–** 14: + **3**. 15, 16 > **17**.

# Freagraí Samplacha

| ROINN I | CLUASTUISCINT | 40 MARC |
|---|---|---|

- Ní mór na freagraí ar fad a scríobh as Gaeilge ach **amháin** sna cásanna nach bhfuil gá leis.
- Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal / na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra.

**Cuid A** (16 marc)

Tá ocht mír eolais á lorg, dhá mharc an ceann. = [**2 mharc x 8] = 16 mharc.**

**1. AN CHÉAD CHAINTEOIR**

**An Téacs**

*Dia dhaoibh, a chairde. Caitríona Ní Fhaoláin is ainm dom. Rugadh i gCeatharlach mé ar an séú lá is fiche de mhí Aibreáin, míle naoi gcéad nócha a naoi. Is páiste aonair mé. Tá mé i mo chónaí le mo Mhamó mar tá mo mháthair ag obair i nGlaschú. Is banaltra í. Is iad na caithimh aimsire is fearr liom ná an ceol agus an spórt.*

| **Ainm** | *Caitríona Ní Fhaoláin* |
|---|---|
| Cén bhliain a rugadh Caitríona? | *Míle naoi gcéad nó*cha naoi / 1999 /<br>*Naoi déag nócha naoi.* **2** |
| An bhfuil aon deirfiúr nó deartháir ag Caitríona? | Níl aon deirfiúr nó deartháir aici / Is *páiste aonair í* . **2** |
| Cé leis a bhfuil Caitríona ina cónaí? | Cónaíonn sí lena Mamó. **2** |
| Cén tslí bheatha atá ag a máthair? | **(***Is***)** *banaltra (í).* **2** |

**8**

**2. AN DARA CAINTEOIR**

**An Téacs**

*Goidé mar atá sibh? Aodh Ó Gallchóir anseo. Is as Gaoth Dobhair i gContae Dhún na nGall mé. Tá deirfiúr amháin agam. Máire an t-ainm atá uirthi. Is iriseoir le Tg4 mo mháthair. Tiománaí bus m'athair agus tá sé ag obair le Bus Éireann. Ta beirt chairde agam, Siobhán agus Cití. Bhí muid ag an phictiúrlann aréir.*

| **Ainm** | *Aodh Ó Gallchóir* |
|---|---|
| Cad as d'Aodh? | *(Is as) Gaoth Dobhair (i gContae Dhún na nGall é) / (Contae) Dhún na nGall / Dún na nGall.* **2** |
| Breac síos **dhá** phointe eolais faoi theaghlach Aoidh? | *Tá deirfiúr amháin aige. / Máire is ainm di. / Is iriseoir le Tg4 í a mháthair . / Tiománaí bus is ea a athair / (agus) oibríonn sé le Bus Éireann.* **2+2→ 4** |
| Cá raibh Aodh aréir? | *ag an phictiúrlann / ag scannán /* amuigh *lena chairde* **2** |

**8**

**16**

## CUID B

Tá <u>sé mhír eolais</u> á lorg, dhá mharc an ceann. **[2 mharc x 6] = 12 mharc.**

## FÓGRA

**An Téacs**

*Gabhaim pardún agaibh, a mhúinteoirí agus a dhaltaí. An príomhoide anseo. Ní bheidh staidéar oíche ar siúl tar éis na scoile an tseachtain seo. Beimid ag glanadh agus ag maisiú halla na scoile le haghaidh chuairt an Uachtaráin Dé hAoine. Go raibh maith agaibh.*

**(a) An Cheist:** Cad a deir an Príomhoide nach mbeidh ar siúl tar éis na scoile an tseachtain seo?

**An Freagra:** **(***Ní bheidh*) <u>*staidéar oíche*</u> (*tar éis scoile ar siúl le linn na seachtaine seo***.)** **<u>2</u>**

**(b) An Cheist:** Cén obair a bheidh ar siúl i halla na scoile?

**An Freagra:** *Glanadh agus maisiú halla na scoile.* **<u>2</u>**

**(c) An Cheist:** Cén fáth a mbeidh an obair ar siúl i halla na scoile?

**An Freagra**: *Le haghaidh chuairt an Uachtaráin (ar an Aoine. ) / Cuairt an Uachtaráin***.** **<u>2</u>**

**<u>6</u>**

**2.**

## PÍOSA NUACHTA

**An Téacs**

*Bhí lá mór ag na daltaí agus ag na múinteoirí i gColáiste Oiriall, i gContae Mhuineacháin, ar an fhichiú lá de Bhealtaine, dhá mhíle is a trí déag. Thug Raidió na Gaeltachta cuairt ar an Choláiste agus rinne siad clár uair a chloig fúthu. Comhghairdeas le gach duine sa scoil.*

**(a) An Cheist:** Cén contae ina bhfuil Coláiste Oiriall?

**An Freagra:** *i gContae Mhuineacháin / Co(ntae) Mhuineacháin / Muineachán* **<u>2</u>**

**(b) An Cheist:** Luaigh **dhá** rud faoin lá mór a bhí acu i gColáiste Oiriall.

**An Freagra**:
(i) *Thug RTÉ Raidió na Gaeltachta cuairt ar an gColáiste.*
(ii) *Rinneadh clár ( uair a chloig) faoin scoil.*
*(iii) Bhí an lá mór ar siúl ar an fhchiú lá de Bhealtaine, dhá mhíle is a trí déag.*
(i)&(ii) *Rinne RTÉ Raidió na Gaeltachta clár faoin scoil sa scoil.*

**2+2 → <u>4</u>**

**<u>6</u>**

**12**

## CUID C

Tá <u>sé mhír eolais</u> á lorg, dhá mharc an ceann. **[2 mharc x 6] = 12 mharc.**

### 1. COMHRÁ A hAON

**An Chéad Mhír → An Téacs**

**Colmán:** An *í sin Muireann Ní Luasaigh? Colmán Ó Céilleachair anseo.*

**Muireann:** *Is í. Dia duit, a Cholmáin. Conas ataoi?*

**Colmán:** *D'fhéadfainn bheith níos fearr, a Mhuireann. Tógadh mo rothar ón scoil tráthnóna. Dúradh liom labhairt leat faoi. Bhuel, a chailín?*

**(a) An Cheist :** Cad a tharla do rothar Cholmáin?

**An Freagra**:. *Tógadh an rothar ón scoil tráthnóna.* **<u>2</u>**

**An Dara Mír → An Téacs**

**Muireann:** *Ó! Thóg mise do rothar ar iasacht. Shíl mé go raibh tú ag imirt peile.*

**Colmán:** *Ní raibh mé. Bhí orm fanacht siar sa scoil mar bhí mé déanach ar maidin.*

**Muireann**: *Tá brón orm a Cholmáin. Beidh mé féin agus do rothar chugat i gceann deich nóiméad.*

**Colmán:** *Mo rothar atá uaim. Ní bhacaim le gadaithe, a Mhuireann.*

**(b) An Cheist:** Cén fáth nach raibh Colmán ag imirt peile?

**An Freagra**: *Bhí air fanacht siar sa scoil mar bhí sé déanach ar maidin.* **<u>2</u>**

**(c) An Cheist:** Cén socrú a rinne Muireann le Colmán?

**An Freagra**: *Go mbeadh sí chuige ag an scoil i gceann deich nóiméad*
*Go mbuailfeadh sí leis i gceann deich nóiméad.*
*Go dtabharfadh sí a rothar chuige i gceann deich nóiméad.* **<u>2</u>**

**<u>6</u>**

## 2. COMHRÁ A DÓ

**An Chéad Mhír**

**Dearbháil:** *Dia duit, a Aoife. Dearbháil anseo.*

**Aoife:** *Bhuel, Dia is Muire duit, a strainséir. Níor chuala mé uait le fada an lá.*

**Dearbháil:** *Bhí mé sa Bhruiséil le coicís anuas.*

**Aoife**: *Inis dom faoi.*

**Dearbháil:** *Bhí ceathrar daltaí as Éirinn ag labhairt le Parlaimint na hEorpa, agus bhí mise ar dhuine acu.*

**(a) An Cheist:** Cá raibh Dearbháil le coicís anuas?

**An Freagra:** (Bhí Dearbháil/sí) sa Bhruiséal (le coicís anuas). / Bhí sí ag labhairt i bParlaimint na hEorpa. **2**

**An Dara Mír**

**Aoife:** *Agus cad a dúirt tú?*

**Dearbháil:** *Labhair mé faoi dhaoine óga in Éirinn sa lá atá inniu ann.*

**Aoife:** *Tá súil agam gur éist na polaiteoirí ansin leat.*

**Dearbháil:** *Thug siad bualadh bos dom ar aon nós.*

**Aoife:** *Ar labhair tú as Gaeilge leo?*

**Dearbháil**: *Labhair mé. Tá córas aistriúcháin sa Pharlaimint.*

**Aoife**: *Maith thú. Rinne tú gaisce.*

**Dearbháil**: *Go raibh míle maith agat.*

**An Cheist (b)** Céard faoi ar labhair Dearbháil sa pharlaimint?

**An Freagra:** Faoi dhaoine óga in Éirinn (sa lá atá inniu ann). **2**

**An Cheist (c)** Conas a thuig na polaiteoirí Dearbháil nuair a labhair sí as Gaeilge leo?

**An Freagra:** (Mar )bhí / tá córas aistriúcháin sa Pharlaimint. **2**

**6**

**12**

| ROINN II | LÉAMHTHUISCINT | 40 MARC |
|---|---|---|

**Scríobh freagraí ROINN II i do fhreagarleabhar.**

40

**Ceist 1.** Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A (20 marc)**

Tá cúig cheist, (**i**) – (**v**), le freagairt.
Tá **dhá** fhocheist, (**a**) agus (**b**), le freagairt i gcás ceisteanna (**i**), (**ii**) agus (**iii**): [(**a**) 2 + (**b**) 2 = **4 mharc**].
Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceisteanna (**iv**) agus (**v**): [2+2 = **4 mharc**].

[**4 mharc x 5**] = **20 marc**

# Anonn agus Ar Ais Arís

**1**. Is úrscéal fantaisíochta é *The Hobbit*. Foilsíodh den chéad uair é sa bhliain 1937. Ba é J.R.R. Tolkien, ollamh in Ollscoil Oxford, an t-údar. Tá an t-úrscéal ar fáil anois ina lán teangacha, an Ghaeilge san áireamh. Cuireadh an leagan Gaeilge ar fáil sa bhliain 2012. *An Hobad* an teideal atá air. An tOllamh Nicholas Williams a chuir Gaeilge ar an leabhar. Sa leagan Gaeilge, baintear úsáid as na léaráidí a rinne Tolkien féin don bhunleagan. Is é an comhlacht Evertype i gCathair na Mart, Co. Mhaigh Eo, a d'fhoilsigh an leabhar. Is leabhar gleoite, snasta, críochnúil é *An Hobad*.

**2**. Sa Siopa Leabhar i gCeannáras Chonradh na Gaeilge, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, a seoladh *An Hobad* ar an Luan, 30 Aibreán, 2012. Tá an siopa ansin le daichead bliain anuas. Rinneadh maisiúchán agus athchóiriú air in 2012. Cuireadh isteach seilfeanna agus soilse nua, agus spás léitheoireachta do chustaiméirí. Dúirt bainisteoir an tsiopa gur chúis bhróid dó *An Hobad* a bheith á sheoladh sa Siopa Leabhar. Dúirt sé freisin gur deis iontach a bhí ann an leagan amach nua ar an siopa agus an suíomh gréasáin nua, www.cnag.ie/siopa, a léiriú don slua.

**3.** Is scéal faoi hobad darb ainm Biolbó Baigín é *An Hobad*. Téann Biolbó ar thuras fada contúirteach, i gcoinne a thola, in éineacht le Gandalf Draoi agus le trí abhac déag. Ba mhaith leo teacht ar an taisce óir atá ag Smóg Dragan. Foghlaimíonn Biolbó agus a chomrádaithe go leor fúthu féin agus iad ar an turas seo. Tuilleann Bilbó meas a chomrádaithe le linn an turais. Ar deireadh cloítear Smóg Dragan ach is beag ór a thugann Bilbó leis abhaile. Níl suim dá laghad ag Biolbó ná ag hobad ar bith eile ina bheith saibhir ná cáiliúil mar is fearr leo compord an tsaoil.

**4.** Bhain *The Hobbit* cáil amach ar fud an domhain nuair a foilsíodh sa Bhéarla ar dtús é. Ceaptar go bhfuil suas le céad milliún cóip díolta idir gach teanga agus an figiúr sin ag dul i méid in aghaidh an lae. Bhí súil ag daoine go ndéanfaí scannán de *The Hobbit* freisin. Tá dhá scannán bunaithe air anois, *The Hobbit: An Unexpected Journey* (2012) agus *The Hobbit: The Desolation of Smaug* (2013). Taispeánfar an tríú scannán sa tsraith, *The Hobbit: There and Back Again* i mí na Nollag seo chugainn. Tá an lucht leanúna dílis ag súil go mór leis.

**Ceisteanna (iad ar cómharc)**

**(i)** (a) Cén bhliain ar foilsíodh an leagan Gaeilge den leabhar *The Hobbit*?

- *2012* **2**

(b) Ainmnigh an duine a chuir Gaeilge ar an leabhar?

- *[An t-Ollamh] Nicholas Williams* **2**

**4**

**(ii)** (a) Cá bhfuil An Siopa Leabhar suite?

- *I gCeannáras Chonradh na Gaeilge.*
- *(In uimhir a) 6 Sráid Fhearchair.*

- *I mBaile Átha Cliath 2.* **2**

(b) Luaigh ***rud amháin*** faoi mhaisiúchán agus athchóiriú 'An Siopa Leabhar'.

- *Rinneadh an obair in 2012.*
- *Rinneadh an maisiú agus athchóiriú in 2012.*
- *Rinneadh an obair timpeall an ama a seoladh an leabhar An Hobad sa siopa.*
- *Rinneadh an obair i gcomhair na hoíche go raibh seoladh oifigiúil An Hobaid sa siopa.*
- *Cuireadh seilfeanna úra ann.*
- *Cuireadh soilse as an nua ann.*
- *Cuireadh spás léitheoireachta do chustaiméirí ann.*
- *Tá leagan amach nua ar an siopa anois.*
- *Ta suíomh gréasáin nua, www.cnag.ie/siopa, ag an siopa anois.* **2**

**4**

**(iii)** (a) Cén fáth a ndeachaigh Biolbó, Gandalf agus na habhaic ar an turas fada contúirteach?

- *Ba mhaith leo teacht ar an taisce óir.*
- *Chun cabhrú / cuidiú leis an taisce óir a bhaint de Smóg Dragan a bhí i seilbh uirthi.* **2**

(b) Luaigh tréith phearsanta **amháin** a bhaineann le hobad a luaitear sa sliocht.

- *Níl suim dá laghad ag hobad a bheith saibhir.*
- *Níl suim dá laghad ag hobad a bheith cáiliúil.*
- *Is fearr le hobad compord an tsaoil ná saibhreas nó cáil.*
- *Is fearr le hobad compord an tsaoil ná saibhreas.*
- *Is fearr le hobad compord an tsaoil ná cáil.* **2**

**(iv)** Déan cur síos ar **dhá** chúis a ndearnadh scannáin den leabhar The Hobbit.

- *Bhain an leabhar, The Hobbit, cáil dhomhanda amach nuair a foilsíodh é.* **2**
- *Ceaptar go bhfuil suas le céad milliún cóip díolta den leabhar The Hobbit.*
- *Tá an leabhar scríofa i go leor teangacha éagsúla.* **2**
- *Tá líon na leabhar atá díolta ag dul i méid in aghaidh an lae.*

**4**

**(v)** Cén fáth a raibh bainisteoir 'An Siopa Leabhar' sásta leis an oíche?
Luaigh **dhá** phíosa eolais.

° *Thug an oíche poiblíocht don Siopa Leabhar.*
° *Chonaic daoine an leagan amach nua a bhí ar an Siopa Leabhar.*
° *Léiríodh an suíomh gréasáin nua www.cnag.ie/siopa don slua.*

**[2+2]= 4**

**Ceist 1. A = 20**

**B (20 marc)**

Tá **cúig** cheist, (**i**) **–** (**v**), le freagairt.
Tá **dhá** fhocheist, (**a**) agus (**b**), le freagairt i gcás ceisteanna (**i**) agus (**iii**): [(**a**) 2+(**b**) 2 = 2+ 2 = **4 mharc**].
Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceiste (**ii**): [2+2 = **4 mharc**].
Tá freagra ceart **amháin** ar cheist (**iv**) = **4 mharc**.
Tá freagra **ceart amháin** ar cheist (**v**) = **4 mharc**. [**4 mharc x 5**] = **20 marc**

## An Fhéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach

**1.** Bhailigh suas le 10,000 duine le chéile i mbaile Cheatharlach i rith shaoire na Cásca, 2013 mar bhí an Fhéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach ar siúl ann. Sé lá a mhair an fhéile. An eagraíocht áitiúil, Glór Cheatharlach, a d'eagraigh an fhéile, rud a rinne siad in 2012 freisin. Tá sé mar aidhm ag Glór Cheatharlach an Ghaeilge agus cultúr na Gaeilge a chur chun cinn ar fud an chontae.

**2**. Chun cultúr na bpobal Ceilteach a cheiliúradh a eagraítear an Fhéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach. Éire, an Bhreatain Bheag, Albain, an Bhriotáin, an Choirn agus Oileán Mhanainn a bhíonn páirteach san fhéile. Uair sa bhliain a bhíonn an fhéile ar siúl. Bíonn imeachtaí éagsúla ar chlár na féile: ceolchoirmeacha, comórtais agus seoladh leabhar. Bíonn amhránaithe ag amhránaíocht, ceoltóirí ag ceoltóireacht, filí ag aithris filíochta, scéalaithe ag scéalaíocht, rinceoirí ag rince agus iad uile á dhéanamh de réir nósanna a gcultúir féin.

**3**. Tá an Comórtas Amhránaíochta Idirnáisiúnta ar cheann de na himeachtaí is mó san fhéile. Bíonn amhrán nua-chumtha sa chomórtas ina dteanga féin ag gach pobal. Bhí an t-amhránaí Seoirse Ó Dochartaigh as Dún na nGall ag canadh ar son na hÉireann in 2013. An t-amhrán *Le do Thaobh* a chas sé. Áine Durkin as Conamara a chum an t-amhrán. Bhí siamsaíocht ar na sráideanna gach lá i rith na féile: damhsa Ceilteach, céilí faoin aer agus mórshiúl na féile. Bhí ceoltóirí traidisiúnta as gach pobal Ceilteach ag glacadh páirte sna seisiúin cheoil. Agus bhí mórán daoine páirteach sa rás An Míle Pan Cheilteach, cuid acu ag rith, cuid acu ag bogshodar agus cuid acu ag siúl.

**4**. Bhí blas idirnáisiúnta ar na biachláir sna bialanna agus iad scríofa sna teangacha Ceilteacha go léir. Bhí miasa bia as na pobail Cheilteacha éagsúla ar fáil. Bhí gach duine bródúil agus mórálach as ár n-oidhreacht shaibhir Cheilteach agus rinneadh í a cheiliúradh agus a chomóradh ar feadh na seachtaine. Bhí idir óg agus aosta sona sásta mar is féile phobail agus féile theaghlaigh í an Fhéile Pan Cheilteach. Bhí rud éigin ann do gach aoisghrúpa. Tréaslaímid a ngaisce le muintir Cheatharlach.

### Ceisteanna (iad ar cómharc)

**(i)** (a) Cen aidhm atá ag an eagraíocht Glór Cheatharlach?

- *An Ghaeilge a chur chun cinn i gCeatharlach.*
- *Cultúr na Gaeilge a chur chun cinn i gCeatharlach.* **2**

(b) Cé chomh minic is a bhíonn an fhéile ar siúl?

- *Uair sa bhliain a bhíonn an fhéile ar siúl.* **2**

**(ii)** Breac síos **dhá** rud i dtaobh an amhráin *Le do Thaobh*.

- *Amhrán nua-chumtha i nGaeilge is ea Le do Thaobh*
- *Chum Áine Durkin as Conamara an t-amhrán.*
- *Chan Seoirse Ó Dochartaigh as Dún na nGall an t-amhrán.*

- *Canadh Le do Thaobh ar son na hÉireann sa Chomórtas Amhránaíochta Idirnáisiúnta.*

**[2+2] = 4**

**(iii)** (a) Luaigh ***imeacht amháin*** a bhí ar siúl ar na sráideanna.

- **Dhá** cheann díobh seo a leanas*: siamsaíocht; damhsa Ceilteach; céilí faoin aer; mórshiúl na féile; An Míle Pan Cheilteach; seisiúin cheoil.* **[2] = 2**

(b) Cén dóigh a raibh blas idirnáisiúnta ar na biachláir?

- *Bhí siad (scríofa) sna teangacha Ceilteacha (éagsúla / difriúla).*
- *Bhí miasa bia as na pobail Cheilteacha éagsúla ar fáil.* = **2**

**4**

**(iv)** Cén t-alt sa sliocht thuas a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?
'*Bhain daoine fásta agus páistí sult as an bhféile*.'
Alt 1; Alt 2; Alt 3; ***Alt 4***. **(Scríobh an freagra sa fhreagarleabhar.)** **4**

**(v)** Cén t-alt sa sliocht thuas a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?
'*Bhí daoine as sé phobal Cheilteacha i láthair ag an bhFhéile Pan Cheilteach.*'
Alt 1; ***Alt 2***; Alt 3; Alt 4. **(Scríobh an freagra sa fhreagarleabhar.)** **4**

**Ceist 1. B = 20**

| ROINN III | TRIALACHA TEANGA COMHTHÉACSÚLA | 20 MARC |
|---|---|---|

**Scríobh freagraí ROINN III i do fhreagarleabhar.**

20

**Ceist 2.** Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**Ceist 2. A (10 marc)** **2 x 5 = <u>10</u>**

Léigh an nóta dialainne thíos a scríobh Pádraigín. Ansin athscríobh an nóta dialainne i do fhreagarleabhar agus cuir na briathra atá sa chló trom san **Aimsir Láithreach** .

**AN SAMHRADH LINN**

**Feicfear** an *An Samhradh Linn* ar Tg4 ar an Déardaoin, ar a 7.30 p.m. Sa tsraith clár **tabharfaidh** Síle Ní Bhraonáin cuairt ar Choláiste Chonnacht sa Spidéal i gContae na Gaillimhe. **Canfaidh** na scoláirí an t-amhrán *Thugamar Féin an Samhradh Linn*. Ina dhaidh sin, **caithfidh** Síle tamall i gCora Droma Rúisc i gContae Liatroma ar thóir togha agus rogha an tsamhraidh - ceol, bia, oidhreacht agus iontais na tíre! **Cloisfimid** scoth an cheoil thraidisiúnta ar an gclár. **Críochnóidh** an clár le Edwina Guckian ag damhsa ar an sean-nós.

**Freagraí**

**Sampla: Feictear** an An Samhradh Linn ar Tg4 ar an Déardaoin, ar a 7.30 i.n.

- Sa tsraith clár **tugann** Síle Ní Bhraonáin cuairt ar Choláiste Chonnacht sa Spidéal i gCo na Gaillimhe. **<u>2</u>**
- **Canann** na scoláirí an t-amhrán *Thugamar Féin an Samhradh Linn*. **<u>2</u>**
- Ina dhaidh sin **caitheann** Síle tamall i gCora Droma Rúisc i gContae Liatroma ar thóir togha agus rogha an tsamhraidh - ceol, bia, oidhreacht agus iontais na tíre! **<u>2</u>**
- **Cloisimid / Cluinimid [Cloiseann muid]** scoth an cheoil thraidisiúnta ar an gclár. **<u>2</u>**
- **Críochnaíonn** an clár le Edwina Guckian ag bualadh damhsa ar an sean-nós. **<u>2</u>**

**<u>Ceist 2 A = 10</u>**

**Ceist 2. B (10 marc)** **2 x 5 = 10**

- Líon na bearnaí leis an bhfocal / na focail is oiriúnaí sna habairtí **2**, **3**, **4 agus 5** thíos.
- Aimsigh ainmfhocal **amháin** sa **tuiseal ginideach uatha** in abairt **6** thíos agus scríobh i do fhreagarleabhar é.

**Andy Murray**

**1**. Rugadh Andy Murray. ………………..
(a) in Glaschú (b) i nGlaschú (c) i Glaschú

**2**. Ar 15 Bealtaine sa ……………….. 1987 a saoladh é.
(a) blianta (b) bliain (c) bhliain

**3**. Imreoir gairmiúil leadóige is ……………… é.

**4**. Tá Andy sé ………………agus trí orlach ar airde.
(a) troigh (b) dtroigh (c) throigh

**5**. Is é meáchan Andy Murray …………………. breis agus trí chloch déag.
(a) ach (b) ná (c) nó

**6**. Is imreoir leadóige é a dheartháir, Jamie, freisin.

**Freagraí**

**Andy Murray**

**1.** **Sampla**: Rugadh Andy Murray **i nGlaschú**.

**2**. Saolaíodh é **sa bhliain** 1987 ar an 15 Bealtaine. **2**

**3**. Imreoir leadóige gairmiúl is **ea** é. **2**

**4**. Tá Andy sé **throigh** agus trí orlach ar airde. **2**

**5**. Is é meáchan Andy Murray **ná** breis agus trí chloch déag. **2**

**6**. Is imreoir **leadóige** é a dheartháir, Jamie, freisin **2**
[ Tuiseal ginideach uatha den ainmfhocal baininscneach **leadóg** ón Dara Díochlanadh.]

**Ceist 2. B. = 10**

| ROINN IV | CEAPADÓIREACHT | 50 MARC |
|---|---|---|

- **Scríobh freagraí ROINN IV i do fhreagarleabhar.**
- Ní gá níos mó ná **leathanach go leith** a scríobh.
- An dáileadh céanna marcanna atá i gceist i ngach rogha in **A, B** agus **C.**

| | | |
|---|---|---|
| **Stíl**: | = | **2 mharc** |
| **Ábhar**: | = | **8 marc** |
| **Gaeilge**: | = | **40 marc** |
| | | **50 marc** |

Iomlán: 2 +8+ 40 = 50 marc.

☞ S = ? as 2

☞ Á = ? as 8

☞ G = ? as 40

Toradh= ? as 50

**50**

**Ceist 3.** Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C,** anseo thíos.

**A. AISTE nó ALT NUACHTÁIN / IRISE**

Scríobh aiste ar do rogha **ceann amháin** de na hábhair seo:

**(i)** Brionglóid shuimiúil a bhí agam le déanaí.
**(ii)** An tabhacht a bhaineann le dea-shampla i saol an duine.
**(iii)** Is í m'áit dúchais an áit is deise ar domhan.
**(iv)** Réalta scannáin a thaitníonn go mór liom.
**(v)** Laethanta saoire a chaith mé i dtír eile.

**B. SCÉAL / EACHTRA**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:

(**i**) Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar **thús** leis:

'Ghlaoigh bainisteoir na fóirne ar leataobh orm............... .'

(**ii**) Eachtra greannmhar a tharla i mo scoilse.

**C. DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID**

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo thíos, scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son *nó* in aghaidh an rúin sin:

(**i**) 'Ní chaithimid go maith le hainmhithe sa tír seo.'

**(ii)** 'Tá córas oideachais na hÉireann ar fheabhas.'

# Páipéar II

| ROINN I | PRÓS LITEARTHA | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 1.** 15

## Cluichí Cumhachta

**Cúlra**: Is iad Tuatha Dé Danann na sióga maithe. Tá siad i gcontúirt ó na Fomhóraigh. Is iad na Fomhóraigh na fathaigh ghránna. Bíonn idir Thuatha Dé Danann agus Fhomhóraigh ina gcónaí inár measc. Ní aithnímid iad mar bíonn cuma dhaonna orthu. Sióg de Thuatha Dé Danann is ea Rósmáire. Ba í Aoibhneas, Sárdhraoi Thuatha Dé Danann, a máthair. Mharaigh na Fomhóraigh í. Is gnáthpháiste í Rósmáire ar an saol seo. Tá sí ina cónaí lena tuismitheoirí, lena deartháir Ruairí agus lena daideo. Níl bua na draíochta ar a cumas go fóill aici. Deir na sióga maithe léi go gcaithfidh siad na buanna sin a mhúineadh di sa tslí go bhfaighidh sí an lámh in uachtar ar Chailitín. Sárdhraoi na bhFomhórach is ea Cailitín. Ar an saol seo is gnáthbhuachaill é. Ar ndóigh, ní thugann sé Cailitín air féin. Tá píosa den Lia Fáil ina sheilbh. Is cloch dhraíochta de chuid Thuatha Dé Danann é an Lia Fáil. Sa scéal, éiríonn Rósmáire an-cheanúil ar Chonall, cara nua atá ag a deartháir, Ruairí. Faigheann sí cuireadh ó Chonall dul ar cuairt chuige ina theach.

**N.B. Is í Rósmáire atá ag insint an scéil anois.**

**1.** Ba bheag nár thit mo shúile as mo cheann nuair a chonaic mé an teach. Bhí sé cosúil le caisleán. Labhair mé isteach i gcallaire agus sheas mé siar. Bhog na geataí uaim agus shiúil mé isteach. Conall a d'oscail an doras. Chuir sé na múrtha fáilte romham. Bhí mé sásta go raibh sé chomh deas sin liom. Chuamar ag snámh sa linn snámha ar dtús agus ansin d'imríomar peil san uisce. Bhí m'aghaidh tinn ó bheith ag gáire. Ansin bhí cluiche leadóige againn. Nuair a bhí tuirse ag teacht orainn tháinig duine isteach le ceapairí, brioscaí, tae agus sú oráiste. Le linn an bhéile d'imríomar cluiche fichille.

**2.** 'A Rósmáire,' arsa Conall liom, 'nach ait é nach rabhamar in ann an bua a fháil ar a chéile?' 'Níl iontu ach cluichí,' a dúirt mé leis. 'Nach cuma mura féidir linn an bua a fháil ar a chéile.' 'Imrímis cluiche eile mar sin agus déanaimis iarracht mhór an bua a fháil ar a chéile,' arsa mise ag iarraidh dea-ghiúmar a chur air arís. 'Déanaimis sin,' arsa Conall. 'Cad faoi chluiche ríomhaire? Tá cúpla ceann nua agam i mo sheomra.' 'Cinnte,' a d'fhreagair mé, cé nach raibh fonn orm cúpla uair an chloig a chaitheamh os comhair ríomhaire. Ní raibh mé cinnte go mbeadh Conall róshásta dá mbeadh an bua agam.

**3.** Chuamar go dtí seomra Chonaill. An nóiméad a leag mé cos ar an gcairpéad bhraith mé leoithne ghaoithe, cé nach raibh fuinneog ar oscailt. Bhí na cuirtíní, fiú, ag luascadh. Ansin chuala mé scréach. 'Ar chuala tú é sin, a Chonaill?' 'Cén rud?' 'An scréach sin.' 'Cén scréach? Ní bhacfaimid le cluiche ríomhaire. Tá smaoineamh eile agam,' ar sé agus é fós ag stánadh orm, a shúile ag méadú agus iad ag éirí dorcha. 'Tá seoid agam. Ar mhaith leat í a fheiceáil, a Rósmáire?' 'Um, uh, cinnte, más mian leat í a thaispeáint dom,' a dúirt mé.

**4.** Thóg Conall amach slabhra órga a bhí faoina t-léine. Bhí eochair bhídeach ar an slabhra. Chuir sé a lámh timpeall ar an eochair go docht. Líonadh an seomra le fuaim uafásach. Is ansin a bhuail an boladh bréan lofa, a bhí ag teacht ó Chonall, mo shrón. Boladh cait. Má bhíonn boladh cait ó dhuine is comhartha é sin gur Fomhórach é. Níor dhóigh liom gurbh é Conall Conall. Ba é Cailitín é, draoi uilechumhachtach na bhFomhórach.

**5.** 'Tá tú an-chosúil le do mháthair, a Rósmáire. Iníon le hAoibhneas, Sárdhraoi Thuatha Dé Danann,' arsa Conall go searbhasach liom. 'Is trua liom go bhfuil orm é seo a dhéanamh.' Chas sé timpeall chun an tarraiceáin. Thapaigh mé an deis agus theith mé. Ach osclaíodh an doras i m'aghaidh agus leagadh chun an urláir mé. Rinne Conall gáire. Nuair a d'fhéach mé suas cé a bhí ann ach mo dhaideo agus mo dheartháir, Ruairí.

**Ceisteanna agus Freagaraí**

Tá **trí** cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscint**: 4 mharc (2 + 2) x 3 = **12 mharc**.
- **Gaeilge**: 3 mharc (+3 /+2 /+1)

**A. (Buntuiscint)**: (**i**) = (a) 2 + (b) 2 = **4 mharc**

(**ii**) = 2 + 2 = **4 mharc**

(**iii**) = marc as **4 mharc** (+4 / +3 /+2 /+1)

**B. (Léirthuiscint)**: (i) ***Tréith amháin = 2 + léiriú = 2*** = **4 mharc**

**(ii)** ***Tréith amháin = 2 + léiriú = 2*** **= 4 mharc**

(**iii**) Marc as **4 mharc** (+4 / +3 /+2 /+1)

**Iomlán = (4 x 3) + Gaeilge: 3 = 15 mharc**

**A ( Buntuiscint )**

(**i**) = (a) 2 + (b) 2 = **4 mharc**

(**ii**) = 2 + 2 = **4 mharc**

(**iii**) = marc as **4 mharc** (+4 / +3 /+2 /+1 )

**(i)** (a) Cén fáth nach n-aithnímid Tuatha Dé Danann nó Fomhóraigh ar an saol seo? (**Cúlra**)

- *Mar bíonn cuma dhaoine daonna orthu.*
- *Ar an saol seo is gnáthdhaoine iad.*
- *Mar bíonn bua na draíochta ar a gcumas agus cuireann siad dallamullóg orainn.* **2**

(**b**) Céard í an scil atá le foghlaim fós ag Rósmáire? (**Cúlra**)

- *Bua na draíochta. / Draíocht / An bua a bhí ag a máthair, Aoibhneas, Sárdhraoi Thuatha Dé Danann. / An bua a bhí ag Tuatha Dé Danann* **2**

**(ii)** Luaigh **dhá** rud in **Alt 1** a léiríonn go raibh Rósmáire sona sásta léi féin?

- *Nuair a chonaic sí teach Chonaill ba bheag nár thit a súile amach as a ceann. Bhí sé chomh spásúil / spásmhar / mór agus chomh galánta le caisleán.*
- *Chuir Conall na múrtha fáilte roimpi.*
- *Bhí sí sásta go raibh Conall deas léi.*
- *Bhí a haghaidh tinn ó bheith ag gáire.*
- *D'imir sí a lán cluichí.*
- *Bhain sí sult as na cluichí.*
- *Nuair a bhí tuirse ag teacht uirthi tháinig duine isteach le sólaistí.* **2**

**(iii)** Conas a bhí a fhios ag Rósmáire gurbh Fhomhórach é Conall? (**Alt 4**)

- *Bhí boladh cait uaidh. Má bhíonn boladh cait ó dhuine is comhartha é sin gur Fomhórach é.* **2**

## B ( Léirthuiscint Ghinearálta )

| |
|---|
| **(i)** *Tréith amháin* **= 2 +** léiriú = **2** = **4 mharc** |
| (**ii**) ***Tréith amháin* = *2* +** léiriú = **2** (2 + 2) =**4 mharc** |
| (**iii**) Marc as **4 mharc** (+4 / +3 /+2 /+1) |

### Tréithe Chonaill

**(i)** Luaigh **dhá** thréith/***tréith amháin*** a bhaineann le Conall.
I gcás ceann **amháin** de na tréithe sin breac síos ***píosa eolais amháin*** ón sliocht a léiríonn an tréith sin.

**(i)** **Tréith amháin = 2 + Léiriú** = 2 (2 + 2) = **4 mharc**

---

- **An Tréith:** *Cúirtéiseach / Scileanna sóisialta maithe aige / Béasach*

  **An Léiriú:**
  - ❖ *D'oscail sé féin an doras.*
  - ❖ *Chuir sé na múrtha fáilte roimh Rósmáire.*
  - ❖ *D'fhéach se chuige go raibh soláistí ar fáil nuair a thóg siad sos ó na cluichí fisiciúla.*

---

- **An Tréith:** *Cineálta / Fial / Cairdiúil.*

  **An Léiriú:**
  - ❖ *Chuir sé na múrtha fáilte roimh Rósmaire.*
  - ❖ *D'fhéach se chuige go raibh soláistí ar fáil nuair a thóg siad sos o na cluichí fisiciúla.*

---

- **An Tréith:** *Féith an ghrinn ann.*

  **An Léiriú:**
  - ❖ *Bhí aghaidh Rósmáire tinn ó bheith ag gáire le linn di a bheith ag imirt na gcluichí le Conall.*

---

- **An Tréith:** *Iomaíoch*

  **An Léiriú:**
  - ❖ *Bhí an bua uaidh sna cluichí. / Ní raibh sé sásta nár bhuaigh sé ar Rósmáire sna cluichí.*
  - ❖ *Shíl sé go raibh sé an-tábhachtach an bua a fháil ar dhuine.*

---

- **An Tréith:** *Inniúil ag na spóirt dhifriúla / Ábalta ag na spóirt dhifriúla / Spórtúil*

  **An Léiriú:**
  - ❖ *Bhí snámh aige.*

- ❖ *D'imir sé peil uisce.*
- ❖ *D'imir sé leadóg.*
- ❖ *D'imir sé cluiche fichille.*
- ❖ *Is léir go raibh cur amach aige freisin ar chluichí ríomhaire.*

- **An Tréith:** *Mí-ionraic / Cur i gcéill ag baint leis.*

  **An Léiriú:**
  - ❖ *Ní cairdeas a bhí taobh thiar den chuireadh a thug sé do Rósmáire ach naimhdeas.*
  - ❖ *Ní raibh sna cluichí spóirt ach cleas suarach chun Rósmáire a mhealladh go dtí a sheomra.*
  - ❖ *Lig sé air go raibh sé chun cluiche ríomhaire a imirt ina sheomra ach bhí plean eile aige.*

- **An Tréith:** *Bréan* / *Drochbholadh uaidh*

  **An Léiriú:**
  - ❖ *Bhí boladh bréan / lofa uaidh.*
  - ❖ *Bhí drochbholadh uaidh.*
  - ❖ *Bhí boladh cait uaidh.*

- **An Tréith:** *Bua na draíochta*

  **An Léiriú:**
  - ❖ *Níor aithin Rósmáire gur Fhormórach é mar cheill sé é sin taobh thiar dá chuma dhaonna.*
  - ❖ *Bhí cloch dhraíochta, an Lia Fáil de chuid Thuatha Dé Danann, ina sheilbh aige.*

- **An Tréith:** *Scéimireacht*

  **An Léiriú**
  - ❖ *Ba scéimire suarach é Conall. Rinne sé amach plean chun bob a bhualadh ar Rósmáire.*
  - ❖ *D'éirigh sé cairdiúil le Ruairí, deartháir Rósmáire, chun seans a fháil bualadh le Rósmáire.*
  - ❖ *Mheall sé Rósmáire go dtí a sheomra chun cluiche ríomhaire a imirt, mar dhea.*
  - ❖ *D'fhiafraigh sé de Rósmáire ar mhaith léi an tseoid a bhí ina sheilbh a fheiceáil.*

- **An Tréith:** *Searús*

  **An Léiriú**
  - ❖ *Labhair Conall go searúsach le Rósmáire nuair a shíl sé go raibh cumhacht aige uirthi.*
  - ❖ *Dúirt sé go searúsach léi go raibh sí an-chosúil lena máthair, Aoibhneas, Sárdhraoi Thuatha Danann. Bhí a fhios aige gur mharaigh na Fomhóraigh Aoibhneas.*
  - ❖ *Dúirt Conall le Rósmáire gur thrua leis go raibh air an rud seo a dhéanamh léi, í a mharú is dóichí. A mhalairt ar fad atá i gceist. Is é Cailitín Sárdhraoi na bhFomhórach é Conall agus tá áthas air go bhfuil beirthe aige ar Rósmaire, iníon le hAoibhneas, Sárdhraoi Thuatha Dé Danann a phríomhnamhaid. Mharaigh na Fomhóraigh Aoibhneas.*

## Tréithe Rósmáire:

**(ii)** Luaigh ***tréith amháin*** a bhaineann le Rósmáire.
I gcás ceann **amháin** de na tréithe sin breac síos ***píosa eolais amháin*** ón sliocht a léiríonn an tréith sin.

***Tréith = 2 píosa eolais amháin = 2*** (2 + 2) = **4 mharc**

---

- **An Tréith:** Saontacht

**An Léiriú**

- ❖ *Bhí Rósmáire an-tógtha le Conall. Chuaigh a phearsantacht i gcionn go mór uirthi taobh istigh de achar an-ghearr. Níor cheistigh sí aon rud faoi iompar Chonaill i dtús báire.*
- ❖ *Nuair a chonaic sí an teach ba bheag nár thit a súile amach as a ceann. Shíl sí go raibh an teach cosúil le caisleán.*
- ❖ *Toisc go raibh Conall cúirtéiseach, bhí sí sásta go raibh sé chomh deas sin léi.*
- ❖ *Caithfidh gur shíl Rósmaire go raibh Conall tarraingteach mar fhear óg mar is léir gur thatin a chomhluadar léi i dtús an scéil.*

---

- **An Tréith:** Caoinbhéasach / Tuisceanach.

**An Léiriú**

- ❖ *Thaitin béasa Chonaill go mór léi. D'oscail sé féin an doras di. Chuir sé na múrtha fáilte roimpi.*
- ❖ *Nuair a thóg siad sos ón imirt tugadh sólaistí isteach chucu. Ba léir gur thaitin an t- iompar caoinbhéasach seo go mór léi.*
- ❖ *Bhí sí breá sásta cluichí ríomhaire a imirt le Conall chun go mbeadh deaghiúmar air arís cé nach raibh fonn mór uirthi féin bheith ina suí os comhair scaileán an ríomhaire.*
- ❖ *Thuig sí nach raibh sé róthábhachtach go mbeadh an bua ag duine nuair a d'imir sé/sí cluiche. Níor leag sí bim air sin.*

---

- **An Tréith:** *Géarchúiseach agus i dtiúin lena nádúr osréalaíoch féin.*

**An Léiriú**

- ❖ *Bhí sí imníoch faoin bhfonn mór a bhí ar Chonall an bua a bheith aige sna cluichí a d'imir siad.*
- ❖ *Nuair a shiúil sí isteach i seomra Chonaill bhraith sí go raibh rud éigin bun os cionn.*
- ❖ *Nuair a leag sí cos ar an gcairpéad bhraith sí leoithne ghaoithe, cé nach raibh fuinneog ar oscailt.*
- ❖ *Thug sí faoi deara go raibh na cuirtíní ag luascadh, cé nach raibh fuinneog ar oscailt.*
- ❖ *Chuala sí scréach, cé go ndúirt Conall nár chuala sé faic.*
- ❖ *Bhraith sí míshuaimhneach nuair bhí Conall ag stánadh uirthi.*
- ❖ *Nuair a fuair sí boladh bréan cait ó Chonall bhí a fhios aici gurbh Fhomórach é.*
- ❖ *D'aithin sí gurbh é Cailitín, Sárdhraoi na bhFomhórach.*
- ❖ *Nuair a d'iompaigh Conall a dhroim uirthi theith sí.*

---

**(iii)** At thaitin an scéal seo leat? Luaigh **dhá** fháth le do fhreagra.

**Dhá** fhath = 2+ 2 = **4 mharc**

- ***Thaitin an scéal liom mar***..........

❖ *Is maith liom scéalta fantaisíochta / scéalta fiannaíochta / síscéalta / scéalta osréalacha.*
❖ *Is maith liom scéalta an chlapsholais ina mbíonn na carachtair ag bogadh idir an saol osnadúrtha agus an saol seo, faoi mar atá sa scéal seo.*
❖ *Tá na carachtair sa scéal spéisiúil. Is maith liom an tslí a mbíonn Rósmáire an-tógtha le Conall ag tús an scéil. Is maith liom an tslí ina gcuirtear scéimeireacht Chonaill in iúl. Ní carachtair dubh agus bán amach is amach ceachtar den bheirt phríomh-charachtar.*
❖ *Tá an tslí ina bhfuil Rósmáire an-tógtha le teach Chonaill an-réalaíoch agus Gaelach.*
❖ *Is maith liom stíl an údair. Tá go leor le léamh ag an léitheoir idir na línte. Is dócha go bhfuil Rósmáire agus Conall dílis dá ndúchas. Ós é dúchas an chait an luch a mharú is é dúchas Fomhóraigh a bheith gránna agus a naimhde, Tuatha Dé Danann, a chloí. Ach nuair a deir Conall le Rósmáire 'Is trua liom go bhfuil orm é seo a dhéanamh.' mothaíonn an léitheoir go bhfuil Conall ag iarraidh éalú óna dhúchas gránna. B'fhéidir gur thaitin leis a bheith béasach agus cineálta. Cá bhfios nach mí-ionracas agus cur i gcéill ar fad a bhí ina chuid iompair i láthair Rósmháire?*
❖ *Tá an úsáid a bhaineann an t-údar as caint dhíreach nó caint sa chéad phearsa an- éifeachtach sa scéal. Cuireann sé seo go mór le teannas an scéil.*
❖ *Úsáideann an t-údar stíl atá gonta agus cloíonn sí le habairtí gearra tríd síos.*

- ***Níor thaitin an scéal liom mar*** ..........

❖ *N maith liom scéalta fantaisíochta / scéalta fiannaíochta / síscéalta / scéalta osréalacha.*
❖ *Ní maith liom scéalta ina mbíonn an laoch agus an bithiúnach dubh agus bán, maith agus olc.*
❖ *Tá an scéal ró-pháistiúil.*
❖ *Ní maith liom stíl an údair. Tá easpa fineáltachta ag baint leis an stíl sa scéal seo. Miníonn sí an iomarca dúinn sa scéal. I scéal maith ní thugtar ach leideanna / nodanna agus fágtar é faoin léitheoir a bhrí féin a bhaint as an scéal.*
❖ *Is pearsana steirétípeacha iad an bheirt charachtar sa scéal seo – na drochthréithe ag Conall, an fear, agus na deathréithe ag Rósmáire, an bhean. Na deathréithe a d'fhéadfaí a lua le Conall is treithe iad a bhaineadh le ridirí sna meánaoiseanna. Buanaíonn an cur chuige seo dearcadh atá róshimplí ar fad.*

- **Gaeilge**: 3 mharc (+3 /+2 /+1)

15

**Ceist 2.** Freagair **A** *nó* **B** anseo. Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh. **(15 mharc)**

A. (i) *agus* B. (i)

| | | |
|---|---|---|
| Teideal an tsaothair | = | 1 mharc |
| Ainm an údair | = | 1 mharc |
| | | **2 mharc** |

A. (ii) *agus* B. (ii) Ábhar: 5 mharc; Gaeilge: 8 marc **13 mharc**

**A *nó* B = 1+1+5+8 = 15 m**harc

**A**

**(i)** Ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna *ábhair* i gceist ann is atá sa sliocht i g**Ceist 1.**

*Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.*

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin gcineál sin *ábhair*.

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil sa sliocht i g**Ceist 1** faoin *ábhar* úd agus a bhfuil faoin *ábhar* céanna sa saothar atá ainmnithe agat.

**B**

**(i)** Maidir le do rogha **ceann amháin** de *na mothúcháin* seo a leanas, ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna *mothúcháin* i gceist ann.

*Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir*.

(a) Díoltas (b) Trua (c) Uaigneas

(d) Grá (e) Fearg (f) Éad

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *mothúchán* atá roghnaithe agat.

**Nóta**: I gcás **A** *nó* **B** thuas, tá cead agat chomh maith dráma Gaeilge a ainmniú ar ghlac tú páirt ann le linn do chúrsa.

| ROINN II | 15 | FILÍOCHT | 30 MARC |
|---|---|---|---|

**Ceist 3**.

### Ligim Orm

Ligim orm gur cuma liom
nuair a fhágtar ar lár san imirt mé
deirim gur fearr liom
suí is féachaint

is nuair ná hiarrtar amach
chun rince mé tarraingím chugam
gothaí muiníne ag ligean orm
gur cuma liom.

Luím ar mo leaba
fós ag fuireach le mo chéadsearc
is rincim go rúnda ar feadh na hoíche
leis an té a bhfuil a ainm breactha

ar chúl mo scátháin.
Samhlaím go mb’fhéidir
fós go dtiocfaidh
cárta Vailintín.

(sliocht as dán le h**Áine Uí Fhoghlú**)

**Gluais** (Ligim Orm)

**L.1:** **nuair a fhágtar ar lár (mé):** nuair nach roghnaítear mé; nuair nach bpioctar mé
**L.7**: **gothaí muiníne**: geáitsí féinmhuiníne; geáitsí misnigh; cuma mhisniúil
**L.10:** **ag fuireach**: ag fanacht: ag feitheamh
**L.10**: **céadsearc**: grá geal

### An Capall Béal Dorais

Sa chúlghairdín de theach leathscoite,
i mbruachbhaile mar a bhfuil mé suite,
tá seanchapall briste ina pheata tí
ag comharsa bhéal dorais liom.

Thángthas air ar chiumhais na coille,
é scaoilte chun fáin ag a úinéir scriosta,
agus ar shiúcra na cruinne ní thiocfadh sé chugat,
é ag crúbáil an talaimh ’s ag seitreach go lag.

Ach níor cailleadh fear na seifte riamh
agus smaoinigh mo chomharsa ar chleas.
Ina ghairdín chroch sé scáthán millteach
agus mheall sé ón gcapall a shean-fhéinmheas.

Thréig an capall a fhonn chun uaignis.
D’éirigh as an gcrúbáil is an seitreach lag.
Itheann is ólann agus snas ar a chraiceann,
é chomh sona le Learaí i gcomhluadar a scáile.

(le **Pilib Ó Brádaigh**)

**Gluais** (An Capall Béal Dorais)

**L.5:** **ciumhais:** imeall;
**L.6**: **scaoilte chun fáin**: ligthe ar strae;
**L.8**: **ag crúbáil**: ag cuimilt an talaimh lena chrúb/chos;
**L.8**: **seitreach:** glór an chapaill;
**L.9**: **fear na seifte:** fear seiftiúil: fear cliste;
**L.11**: **millteach**: an-mhór;
**L.13:** **thréig:** stop sé: d’éirigh sé as;
**L.16**: **i gcomhluadar**: in éineacht le;
**L.16**: **scáil**: scáth i scáthán

**Ceist 3.** **(15 mharc)**

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscint**: 4 mharc (4 x 3) = **12 mharc**
- **Gaeilge**: 3 mharc ( +3 / +2 / +1)

**A. (Buntuiscint)**: (**i**) (**a**) + (**b**) = 2+2 = **4 mharc**
(**ii**) dhá fháth = 2+2 = **4 mharc**
(**iii**) dhá fháth = 2+2 = **4 mharc**

**B. (Léirthuiscint)**:
(**i**) dhá fháth 2+2 = **4 mharc**
(**ii**) dhá phointe 2+2 = **4 mharc**
(**iii**) dhá phointe 2+2 **= 4 mharc**



**Iomlán = (4x3) + 3 = 15 mharc**

## A ( Buntuiscint )

| |
|---|
| **(i)** = 2+2 = **4 mhar** |
| **(ii)** = 2+2 = **4 mharc** |
| **(iii)** = 2+2 = **4 mharc** |
| • **Gaeilge**: = marc as **3 mharc** |

**(i)** (**a**) Mínigh <u>i do fhocail féin</u> a bhfuil i gceist ag an bhfile sna **línte 1-4** sa dán *Ligim Orm*.

Ligim orm gur cuma liom
nuair a fhágtar ar lár san imirt mé
deirim go mb'fhearr liom
suí is féachaint

- *Sna línte seo seo tugann an file le fios nach gcuireann sé as di nuair nach roghnaítear í i gcomhair na fóirne. Tugann sí le fios dúinn go bhfuil sí breá sásta agus gur fearr léi a bheith i measc an lucht féachana ag breathnú ar an gcluiche.*

(**b**) Mínigh <u>i do fhocail féin</u> a bhfuil i gceist ag an bhfile sna **línte 1-4** sa dán *An Capall Béal Dorais.*

Sa chúldgairdín de theach leathscoite,
i mbruachbhaile mar a bhfuil mé suite,
tá seanchapall rása ina pheata tí
ag comharsa bhéal dorais liom.

- *Cónaíonn an file i dteach leathscoite ar imeall na cathrach. Tá seancapall rása mar pheata ag an duine a chónaíonn in aice leis.*

**(ii)** **(a)** An gceapann tú go bhfuil an duine atá ag labhairt linn sa dán *Ligim Orm* i ngrá? Luaigh **dhá** fháth.

- ***Ceapaim go bhfuil sí i ngrá***:

✓ *Nuair a luíonn sí ar a leaba samhlaíonn sí go mbíonn sí ag rince lena grá rúnda.*
✓ *Deir sí linn go bhfuil ainm a grá 'breactha ar chúl' a scátháin.*
✓ *Chomh maith leis sin tá sí ag súil ' go mb'fhéidir / fós go dtiocfaidh / cárta Vailintín' ón a grá.*

- ***Ní cheapaim go bfuil sí i ngrá***:

✓ *Deir sí linn go bhfuil sí 'fós ag fuireach le mo chéad shearc'. Is léir mar sin nár bhuail sí lena grá go fóill.*
✓ *Ós rud é go bhfuil sí ag fanacht lena céad ghrá is léir nach raibh sí i ngrá cheana agus nach bhfuil sí i ngrá anois.*
✓ *Ní hionann rud a shamhlú agus an rud sin a bheith fíor. Tá dul amú ar an duine atá ag labhairt linn. Samhlaíonn sí go bhfuil sí i ngrá ach dáiríre níl.*

**(ii)** **(b)** Cá bhfios dúinn go bhfuil an capall sa dán *An Capall Béal Dorais* ar fónamh anois. Luaigh dhá fháth.

- *Tá an fonn uaignis/ t-uaigneas a bhíodh air imithe.*
- *Ní bhíonn sé ag crúbáil an talaimh nó ag seitreach níos mó.*
- *Itheann sé is ólann sé anois.*
- *Tá snas anois le feiceáil ar a chraiceann.*
- *Tá sé chomh sona le Learaí anois.*

**(iii)** Conas a chuir 'fear na seifte' an ruaig ar an uaigneas a bhí ar an gcapall sa dán *An Capall Béal Dorais*?

- *Is ionann fear na seifte agus fear le plean. Mar sin smaoinigh an fear ar phlean (seift) chun fáil réidh leis an uaigneas a bhí ar an gcapall. Sa ghairdín ina raibh an capall chroch an fear scáthán mór millteach. Is dócha go raibh an capall ábalta í féin a fheiceáil agus go raibh sí breá sásta leis an gcruth a bhí uirthi anois. B'fhéidir ar an láimh eile gur cheap an capall nach raibh sí ina haonar a thuille mar gur capall eile an íomhá a bhí le feiceáil sa scáthán.*

**B ( Léirthuiscint )**

| | | |
|---|---|---|
| **(i)** | 2+2 | = **4 mharc** |
| **(ii)** | 2+2 | = **4 mharc** |
| (**iii**) | 2+2 | **= 4 mharc** |
| • | **Gaeilge**: | = marc as **3 mharc** |

**(i)** Ar thaitin an dán *An Capall Béal Dorais* leat? Luaigh **dhá** fháth le do fhreagra.

- ***Thaitin an dán liom mar***...............

  ❖ *Cuireann sé cás na tíre seo i gcuimhne dom. Seasann an capall do mhuintir na hÉireann agus an chaoi a ndeachaigh an cúlú eacnamaíochta i gcionn orthu. Seasann an t-úinéir briste do na baincéirí agus a gcairde. Seasann an chomharsa bhéal dorais, 'fear na seifte', dóibh siúd atá ag iarraidh an scéal a chur ina cheart agus a féinmheas a thabhairt ar ais don tír agus do mhuintir na hÉireann.*

  ❖ *Léiríonn an dán seo an drochíde a thugtar do ainmhithe sa tír seo. Ní bhíonn leisce ar bith ar dhaoine áirithe fáil réidh leo agus iad a fhágáil 'ar chiumhais na coille'. Ar an láimh eile de tá cumainn agus grúpaí a bhíonn ag faire amach do ainmhithe tréigthe agus a thugann dídean dóibh agus a lorgaíonn úineirí nua dóibh.*

  ❖ *Is maith liom leagan amach an dáin. Cuirtear fadhb os ár gcomhair sa chéad leath den dán ( Línte 1-8), an capall tréigthe agus é lag agus uaigneach. Tugtar réiteach na faidhbe dúinn sa dara leath (Línte 9 -16), glacann fear cinealta, 'comharsa bhéal dorais', cúram an chapaill air féin agus ní fada go mbíonn an capall i mbarr a shláinte arís, ag ithe is ag ól 'agus snas ar a chraiceann'.*

  ❖ *Tá pátrún na mbéimeanna agus rithimí an dáin ag teacht le spiorad an dáin. I línte 1-8 leagtar béim ar na gutaí leathana. Cuireann sé seo drochchás an chapaill abhaile ar an léitheoir. I línte 9-16, tá na gutaí caola go mór chun cinn. Tá na rithimí níos éadroime agus ag teacht le spiorad dóchasach an dáin. Sa cheathrú deireanach baintear úsáid as codarsnacht, fonn an chapaill bhriste chun uaignis mar go bhfuil an galar dubhach air*

*agus an chaoi a leigheastar an galar seo. Is ionann agus ceiliúradh é spiorad an dá line scoir,*

*' itheann is ólann agus snas ar a chraiceann ,*
*é chomh sona le Learaí i gcomhluadar a scáil'.*

- ***Níor thaitin an dán liom mar**...............*

❖ Is dán áiféiseach é ó thus deireadh. Níl bun ná barr leis. Capall ina pheata tí ag duine a chónaíonn i dteach leathscoite i mbruachbhaile....ní dóigh liom é. Tá an smaoineamh craiceáilte. Má chuireann tú an rud a rinne an chomharsa bhéal dorais, scáthán millteach a chrochadh sa chúlghairdín, leis seo, feiceann tú go bhfuil na smaointe sa dán seo ráiméiseach amach is amach.

**(ii)** Scríobh cuntas gairid ar théama an dáin *Ligim Orm.* Is leor **dhá** phointe eolais faoin téama a lua.

**Ligim Orm**

**Téamaí** : *uaigneas; smaointe an duine atá ar an imeall; smaointe déagóra; pianta fáis; grá.*

❖ *Is é an téama atá sa dán seo ná smaointe an duine atá ar an imeall'. Is duine ar an imeall í an duine atá ag caint linn sa dán seo. Nuair a roghnaítear fóirne 'fágtar ar lár' í. Sna clubanna nó ag dioscó ní hiarrtar amach ag rince í. Níl sí ag siúl amach le héinne ach ina haigne féin samhlaíonn sí go bhfuil agus tá ainm a grá 'breactha ar chúl' scatháin aici. Tá súil aici go bhfaighidh sí 'cárta Vailintín' fós, ón a grá is dócha. Ceilleann an duine seo na mothúcháin seo ar dhaoine eile. Ligeann sí uirthi 'gur cuma' léi faoi na diúltaithe seo.*

**(iii)** Cén saghas duine í an file sa dán *Ligim Orm*? Is leor **dhá** phointe eolais.

- ***Ligim Orm***

❖ *Is duine í an file a thuigeann daoine óga. Is déagóir atá ag caint linn sa dán.*
❖ *Is duine géarchúiseach í an file mar cuireann sí síos go beacht ar na saghsanna smaointe a bheadh in aigne déagóra.*
❖ *Is duine goilliúnach í an file mar leagann sí a lámh ar na smaointe íogair a bheadh in aigne déagóra faoi chairdeas agus faoi ghrá.*
❖ *Is scríbhneoir cumasach í an file mar úsáideann sí gnáth-shuíomhanna ó shaol an déagóra le cur síos ar aonaránacht an déagóra.*

**Ceist 4**. Freagair **A** *nó* **B** anseo. (Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.) **(15 mharc)**

| | | |
|---|---|---|
| **A (i)** *agus* **B (i)** | | |
| **Teideal an dáin** | = | 1 mharc |
| **Ainm an fhile** | = | 1 mharc |
| | | **2 mharc** |
| **A (ii)** *agus* **B (ii)** | | |
| • **Ábhar**: marc as 5 mharc ( +5 / +4 / +3 / +2 / +1) | | |
| • **Gaeilge**: marc as 8 marc (+8 / +7 / +6 / +5 / +4 / +3 / +2 / +1) | | |
| **A** *nó* **B** : **1 + 1 + 5 + 8 = 15 mharc.** | | |

## A

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna *téama* i gceist ann is atá i do rogha ceann **amháin** den dá dhán i g**Ceist 3** thuas.

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir*.

**(iv)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil faoin gcineál sin *téama* sa dán atá ainmnithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file os ár gcomhair é.

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil faoin *téama* úd sa dán atá roghnaithe agat as **Ceist 3** agus a bhfuil faoin *téama* céanna sa dán atá ainmnithe agat.

## B

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil do rogha ceann **amháin** de *saghsanna daoine* seo thíos i gceist ann.

*Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir*.

| | | |
|---|---|---|
| (a) Duine óg | (b) Duine brónach | (c) Duine draíochtúil |
| (d) Duine sona | (e) Duine cliste | (f) Duine feargach |

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *saghas duine* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file an *saghas duine* sin os ár gcomhair.

| **ROINN III** | **LITIR** | **30 MARC** |
|---|---|---|

**Ceist 5**. Freagair **A** *nó* **B** *nó* **C** anseo thíos. (Ná gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.)

Tá **A**, **B** agus **C** ar cómharc

- **Foirmlí**: 3 mharc
- **Ábhar**: 10 mharc
- **Gaeilge**: 17 marc

**13 + 17 = <u>30 marc</u>**

**Treoracha maidir le dáileadh marcanna:**

1. **Na Foirmlí Ceiliúrtha:** **Seoladh:** = 1 mharc
   **Beannú:** = 1 mharc
   **Críoch:** = 1 mharc

2. Tabhair faoi deara go bhfuil cúig thasc le comhlíonadh i ngach cás. Léigh an litir ó thús deireadh <u>agus breac síos P1, P2, P3, P4, P5 ar an litir féin</u> ag freagairt do na tascanna éagsúla atá le comhlíonadh. Is mar seo a dhéantar an mharcáil ansin:

3.

| | **Eolas** | **Gaeilge** |
|---|---|---|
| **Na cúig thasc comhlíonta** | Marc **as** 10 | Marc **as** 17 |
| **Ceithre thasc comhlíonta** | Marc **as** 8 | Marc **as** 14 |
| **Trí thasc comhlíonta** | Marc **as** 6 | Marc **as** 11 |
| **Dhá thasc comhlíonta** | Marc **as** 4 | Marc **as** 8 |
| **Tasc amháin comhlíonta** | Marc **as** 2 | Marc **as** 5 |

5. Litreacha neamhfhoirmeálata is ea **A** agus **B**. [Beannú; Críoch]
   Litir fhoirmeálta is ea **C**. [Beannú; Críoch]

## A

D’imir tú cluiche ríomhaire a fuair tú le déanaí. Scríobh litir chuig do chara pinn faoi.

I do litir luaigh

- **dhá** phointe eolais faoin gcluiche ríomhaire *nó* i dtaobh chúlra an chluiche ríomhaire a d’imir tú
- **dhá** bhuntáiste *nó* **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann leis an gcluiche seo
- cúis **amháin** ar thaitin *nó* nár thaitin an cluiche leat.

## B

Thug duine cáiliúil cuairt ar do scoil le déanaí. Scríobh litir faoi chuig do chara.

I do litir luaigh

- **dhá** phointe eolais faoin duine cáiliúil
- **dhá** phointe eolais faoi na rudaí a tharla ar an lá ar thug sí/sé cuairt ar an scoil
- moladh amháin a bheadh agat don duine cáiliúil sin.

## C

Léigh tú cuntas i do nuachtán áitiúil faoi bhanna ceoil nó faoi ghrúpa ceoil.
Scríobh an litir a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin sin faoin gcuntas a bhí sa nuachtán.

I do litir luaigh

- **dhá** phointe eolais faoin mbanna nó faoin ngrúpa  a bhí sa sa chuntas a thaitin leat
- **dhá** phointe eolais **eile** faoin mbanna nár luadh sa chuntas faoin mbanna nó faoin ngrúpa
- pointe eolais **amháin** a bhí sa chuntas nár aontaigh tú leis.

**<u>An deireadh</u>**